# Maoiniú Deontais do na hEalaíona 2026

## Treoirlínte d'Iarratasóirí

Spriocdháta: 5.30 p.m. (am na hÉireann), Déardaoin, an 13 Márta 2025

## Clár na nÁbhar

Cabhair a fháil maidir le d’iarratas 3
1. Cad ba chóir a bheith ar eolas agat faoi Mhaoiniú Deontais do na hEalaíona 4
2. Cad atá de dhíth chun iarratas a dhéanamh 17
3. An chaoi a ndéanaimid measúnú ar d’iarratas 23
4. D’iarratas a dhéanamh 30
5. Conas teimpléad um Thuairisc ar Ghníomhaíochtaí Ealaíon (AAR) a chomhlánú 36
6. An dóigh a ndéantar d'iarratas a phróiseáil 44

## Cabhair a fháil maidir le d’iarratas

- Má tá ceisteanna agat faoi shuíomh gréasáin na Seirbhísí ar Líne a úsáid, tabhair cuairt ar rannán na gCeisteanna Coitianta ar ár suíomh gréasáin: http://www.artscouncil.ie/ga/Teigh-i-dteagmhail-linn/FAQS/Seirbhisi-ar-line/Seirbhisi-ar-line/
- Má tá ceist theicniúil agat faoin bpróiseas iarratais ar líne agus nach bhfuil freagra ar do cheist i rannán na gCeisteanna Coitianta, is féidir leat ríomhphost a sheoladh chuig onlineservices@artscouncil.ie, nó glaoch ar an gComhairle Ealaíon ar **01 618 0200/01 618 0243**
- Má bhíonn ceist agat faoi d’iarratas nach mbaineann le cúrsaí teicniúla, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis an bhfoireann ealaíon a bhfuil iarratas ar mhaoiniú á chur faoina bráid agat ar ríomhphost nó ar an bhfón: http://www.artscouncil.ie/ga/Teigh-i-dteagmhail-linn/Liostai-den-bhfoireann-agus-de-chomhairleoiri/
- Téigh chuig an nasc seo a leanas chun féachaint ar ár dtreoir ar YouTube maidir le hiarratas a dhéanamh: http://www.youtube.com/artscouncildemos

**Iarratasóirí faoi mhíchumas**

Déanann an Chomhairle Ealaíon gach iarracht freastal réasúnta a dhéanamh ar dhaoine faoi mhíchumas chun úsáid a bhaint as ár seirbhísí.

Má tá tú faoi mhíchumas agus má theastaíonn cúnamh uait le d’iarratas a chur isteach, déan teagmháil linn a luaithe is féidir roimh an spriocam.

Teagmhálaí: Foireann Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas
Guthán: 01 6180237
Ríomhphost: Disabilityaccess@artscouncil.ie

# 1. Cad ba chóir a bheith ar eolas agat faoi Mhaoiniú Deontais do na hEalaíona

| Is é an spriocdháta i gcomhair na n-iarratas | **5.30 p.m., Déardaoin, an 13 Márta 2025** |
|---|---|

Déan d'iarratas a ullmhú agus a chur isteach **tamall maith** roimh an spriocdháta.

Tugtar eolas cúlra duit sa chuid seo de na treoirlínte faoi Mhaoiniú Deontais do na hEalaíona. Cuideoidh sé leat a chinneadh an gcomhlíonann tú nó d'eagraíocht na riachtanais i gcomhair Maoiniú Deontais do na hEalaíona nó nach gcomhlíonann.

## 1.1 Cuspóir an chláir Maoiniú Deontais do na hEalaíona

Is é an cuspóir atá le Maoiniú Deontais do na hEalaíona a chinntiú go mbeidh réimse leathan gníomhaíochtaí agus clár ealaíon ar ardchaighdeán ar fáil ar fud na tíre, trí thacaíocht sholúbtha a chur ar fáil a fhreagraíonn do riachtanais na ndaoine a bhíonn ag déanamh saothar, á gcur i láthair agus ag tacú le cruthú saothar.

Tá sé ina sprioc ag an gclár, Maoiniú Deontais do na hEalaíona:

- Tacaíocht a thabhairt do **níos mó ná** gníomhaíocht ealaíon ar leith amháin a bheidh ar siúl laistigh de thréimhse ama seasta

  **nó**

- Tacaíochtaí nó saoráidí a thabhairt d'ealaíontóirí thar thréimhse ama seasta.

## 1.2 Cad iad cuspóirí an chláir?

Tá sé ina sprioc ag an gclár Maoiniú Deontais do na hEalaíona gníomhaíochtaí agus cláir ealaíne a chur ar fáil a dhéanann na nithe seo a leanas:

- Eispéiris ealaíon ar ardchaighdeán a chur ar fáil don phobal le bheith páirteach sna healaíona

  **nó**

- Seirbhísí, acmhainní nó áiseanna den scoth a chur ar fáil a thacaíonn le hobair ealaíontóirí nó earnáil na n-ealaíon.

Mar shampla, d'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i dtogra:

- Sraith gníomhaíochtaí ar leith a bhféadfadh ceangal a bheith eatarthu ó thaobh téama, foirm ealaíne nó cleachtas ealaíon, fís ealaíne, rannpháirtíocht an phobail, agus réasúnaíochta de.
- Tionscadail agus gníomhaíochtaí ar leith a bhfuil cuspóir sonrach (e.g., obair ar fhoirm ealaíne ar nó obair atá dírithe ar lucht féachana nó pobal ar leith) leo.
- Soláthar oiliúna, tacaíochta agus/nó acmhainní nó saoráidí d'ealaíontóirí.
- Cláir a fhorbraíonn nó a chothaíonn tallann.
- Deiseanna a chur ar fáil do lucht féachana ilchineálach agus/nó lucht féachana faoi leith a bheith páirteach sna healaíona.

Sna treoirlínte seo, cuimseofar leis an téarma 'gníomhaíochtaí' gnéithe ar bith a bhaineann leis an togra chun foráil do na hacmhainní nó saoráidí mar a luaitear thuas.

## 1.3 Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?

D'fhéadfadh na grúpaí seo a leanas iarratas a dhéanamh ar Mhaoiniú Deontais do na hEalaíona:

- Eagraíochtaí, lena n-áirítear cuideachtaí faoi theorainn ráthaíochta, cuideachtaí a dhéanann gníomhaíochtaí sainithe, comhpháirtíochtaí, agus mar sin de.
- Daoine aonair. Más mian le beirt nó níos mó comhiarratas a dhéanamh, ní mór go mbeadh duine díobh ina iarratasóir ainmnithe.

  **Tabhair faoi deara**: má dhéanann duine aonair iarratas, **ní mór** don duine sin a thaispeáint go bhfuil comhoibriú le healaíontóirí agus le gníomhaíochtaí eile a bhfuil baint amach torthaí poiblí agus/nó torthaí a théann chun leasa ealaíontóirí eile mar chuid dóibh mar chuid den togra.

Le bheith i dteideal iarratas a dhéanamh, ní mór duit na riachtanais seo a leanas a shásamh:

- A bheith i do chónaí nó lonnaithe i bPoblacht na hÉireann.

  D'fhéadfadh sé go ndéanfaí an t-iarratas a mheas fiú má tá tú bunaithe lasmuigh de Phoblacht na hÉireann. Mar sin féin, ní mór go gcuirfeadh an

t-iarratas in iúl go láidir go rachadh an togra chun tairbhe do na healaíona i bPoblacht na hÉireann.

- A bheith i d'ealaíontóir gairmiúil i mbun cleachtaidh.

  Cé nach gá go dtuilleann tú ioncam go leanúnach ó do chleachtas ealaíne nó ó do chleachtais ealaíne amháin, ní mór daoibh sibh féin a chur in aithne agus a bheith aitheanta ag do phiaraí mar ealaíontóir gairmiúil atá i mbun cleachtaidh.

Mar chuid dá Beartas um Chomhionannas, Cearta an Duine agus Éagsúlacht, tá an Chomhairle Ealaíon tiomanta do **chomhionannas rochtana, deiseanna agus torthaí** a chur ar fáil do gach iarratasóir féideartha beag beann ar

- Aois
- Stádas sibhialta nó teaghlaigh
- Míchumas
- Inscne
- Ballraíocht den Lucht Siúil
- Cine
- Reiligiún
- Claonadh gnéis
- Cúlra socheacnamaíoch.

Sa scéim maoinithe seo, cuireann an Chomhairle Ealaíon fáilte ar leith roimh iarratais ó gach cuid de shochaí na hÉireann, lena n-áirítear aon cheann de na tréithe a luaitear thuas ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin agus/nó tionscnaimh a chuireann deiseanna nó torthaí cothroma ar fáil dóibh siúd atá bainteach leo.

## 1.4 Cé hé nó hí an t-iarratasóir?

Is ionann an t-iarratasóir agus an duine nó an eagraíocht a gheobhaidh aon deontas a thairgfear agus beidh ar an duine nó ar an eagraíocht sin glacadh le téarmaí agus le coinníollacha an deontais sin.

Ní íocfar aon deontas a thairgfear ach isteach i gcuntas bainc atá in ainm an iarratasóra.

Ní mór go mbeadh na cáipéisí go léir a chuirfear ar fáil in ainm an iarratasóra (mar ealaíontóir aonair nó eagraíocht ealaíon) – e.g. má dhéanann tú iarratas ar mhaoiniú faoin ainm Máire de Barra, ní mór go mbeadh gach cáipéis a chuireann tú isteach, lena n-áirítear sonraí bainc agus sonraí cánach, san ainm sin. Ní ghlacfar le leaganacha malartacha amhail Mary Barry nó Barry Studios.

### 1.5 Cé nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh?

- Ní féidir le daoine atá i mbun oideachas fochéime faoi láthair, nó a bheidh ina bhun le linn na tréimhse ina bhfuil an maoiniú seo ar fáil, iarratas a dhéanamh.
- Ní féidir iarratas a dhéanamh ar chostais i dtreo táillí le haghaidh oideachas iarchéime nó chun obair a bhaineann le hoideachas iarchéime a fhorbairt.
- Eagraíochtaí atá ag fáil maoiniú faoi na cláir seo a leanas de chuid na Comhairle Ealaíon faoi láthair: Fáiltítear roimh Mhaoiniú Straitéiseach, Maoiniú Ionad Ealaíon, Maoiniú Comhpháirtíochta – trí rannpháirtíocht a leithéid d’eagrais mar chomhpháirtithe
- Ní féidir le Comhaltaí de Chomhairle na nInstitiúidí Náisiúnta Cultúrtha (CNCI) atá maoinithe go díreach ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán iarratas a dhéanamh.

**Tabhair faoi deara:** Má éiríonn le d’iarratas ar Mhaoiniú Deontais do na hEalaíona 2026, ní cheadófar duit cur isteach ar Dhámhachtain Tionscadail le haghaidh 2026.

### 1.6 Cad í an tréimhse mhaoinithe lena mbaineann an clár?

Tá maoiniú ar fáil chun tacú le gníomhaíochtaí a bheidh ar siúl sna tréimhsí seo a leanas:

**a)** Tréimhse 12 mhí ó **Eanáir 2026 go Nollaig 2026**

**<u>nó</u>**

**b)** Tréimhse 24 mí ó **Eanáir 2026 go Nollaig 2027**

Ní bhronnfaidh an Chomhairle Ealaíon maoiniú 24 mí ach amháin ar iarratasóirí a thugann **cuntas mionsonraithe** ar na gníomhaíochtaí/cláir don tréimhse sin.

Féadfar gníomhaíochtaí a ndéantar iarratas orthu a reáchtáil thar an tréimhse iomlán 12 nó 24 mí, ceann i ndiaidh ceann thar tréimhse níos giorra, nó go headrannach sna tréimhsí sin.

**Tabhair faoi deara:** D'fhéadfadh an Chomhairle Ealaíon maoiniú 12-mhí a thairiscint mar fhreagairt ar iarratas ar mhaoiniú 24-mí.

## 1.7 Cén cineál gníomhaíochtaí ar féidir liom iarratas a chur isteach ina leith?

**Tabhair faoi deara:** féach ar cheist 3.2 den fhoirm iarratais maidir leis na tosaíochtaí i do thogra.

Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar na ngníomhaíochtaí seo a leanas:

- Saothar nó imeacht ealaíne a chruthú, a léiriú (comhléiriú san áireamh), agus a chur i láthair a rachaidh chun tairbhe do lucht féachana nó do phobal ar leith
- Eispéiris ealaíon a sholáthar lena mbaineann rannpháirtithe nó pobail áirithe
- Saothar ealaíne a chruthú agus a fhorbairt a chuirfear i láthair nó a dháilfear sa todhchaí, e.g., saothar ealaíne, script, píosa ceoil
- Gníomhaíochtaí a chur ar fáil lena dtacaítear leis na healaíona a fhorbairt nó le saothar ealaíontóirí
- Tacaíochtaí, acmhainní nó saoráidí a sholáthar d'ealaíontóirí
- Taighde (mar chuid de chlár níos leithne d'fhorbairt foirm ealaíne)
- Costais forbartha, e.g. tallann, comhpháirtíocht nó forbairt lucht féachana/éisteachta
- Forbairt scileanna agus tógáil cumais.

Seo a leanas sampla de ghníomhaíochtaí:

- Léiriú agus cur i láthair saothair (beo, craolta, digiteach), in aon láthair amháin nó i láithreacha éagsúla i gcomhoibriú le comhpháirtithe
- Triail ealaíne, ealaín a fhorbairt agus a chruthú, lena n-áirítear obair a dhéantar i saotharlann ealaíne nó stiúideo
- An fhoilsitheoireacht
- An fhoilsitheoireacht dhigiteach
- Comhléiriú

- Cónaitheachtaí d'ealaíontóirí
- Gníomhaíocht chruthaitheach a chuireann le rannpháirtíocht an phobail
- Clár forbartha nó clár tacaíochta d'ealaíontóirí
- Saoráidí agus acmhainní d'ealaíontóirí, e.g. spás stiúideo, spás oibre, deasca sealaíochta, Wi-Fi, seomraí cruinnithe, spás léitheoireachta, áiseanna taighde, deiseanna líonraithe agus deiseanna chun foghlaim ó phiaraí.

**Obair sa chomhthéacs idirnáisiúnta**

Ní chuirimid tacaíocht ar fáil maidir le costais a bhaineann go díreach le camchuairt agus scaipeadh saothair thar lear. Tá gníomhaíochtaí a bhfuil malartú, comhoibriú nó comhléiriú idirnáisiúnta mar chuid díobh incháilithe ar an gcoinníoll go léirítear go soiléir go rachaidh siad chun tairbhe an phobail, d'ealaíontóirí nó do na healaíona i bPoblacht na hÉireann agus go n-íocfaidh comhpháirtithe thar sáile cuid de na costais ábhartha a bhaineann leis an ngníomhaíocht.[1]

## 1.8 Cé na gníomhaíochtaí nach féidir liom iarratas a chur isteach ina leith?

Ní féidir leat iarratas a dhéanamh i dtaobh gníomhaíochtaí a bhfuil aon cheann de na ráiteas seo a leanas fíor ina leith:

- Ní oireann an ghníomhaíocht do chuspóir an chláir
- Baineann an ghníomhaíocht le healaíontóir amháin agus níl aon chomhoibriú ná comhpháirtíocht i gceist léi (is feiliúnaí na gníomhaíochtaí seo don mhaoiniú a chuirtear ar fáil faoin gcatagóir Tacaíochtaí d'Ealaíontóirí dár gcreat maoinithe - e.g., Dámhachtain Sparánachta, Dámhachtain Tionscadail).
- D'oirfeadh an ghníomhaíocht ní b'fhearr do dhámhachtain eile arna maoiniú ag an gComhairle Ealaíon nó arna feidhmiú ag gníomhaireachtaí stáit nó foras maoinithe eile, amhail Cultúr Éireann
- Gníomhaíochtaí a thosófar roimh an 1 Eanáir 2026

[1] Tá tuilleadh eolais i straitéis na Comhairle Ealaíon *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh: Beartas agus Straitéis maidir leis na hEalaíona Idirnáisiúnta*.

- Tá sé mar aidhm leis an ngníomhaíocht airgead a thiomsú do charthanas nó brabús a dhéanamh nó is iontráil do chomórtas í
- Gníomhaíochtaí a ndearna an Chomhairle Ealaíon measúnú orthu cheana féin, ach amháin má thaispeánann tú gur oibrigh tú ar an togra agus gur fhorbair tú é ón uair dheireanach a chuir tú isteach é **nó** má mhol an Chomhairle go sonrach duit d'iarratas a chur i dtreo na dámhachtana seo. Cuimhnigh, áfach, nach ionann a leithéid de chomhairle agus léiriú go n-éireoidh leis an iarratas.

## 1.9 Cé na costais ar féidir liom iarratas a chur isteach ina leith?

Ní mór go mbainfeadh na costais ar fad go díreach leis na gníomhaíochtaí a chuimsítear leis an togra.

Is féidir iarratas a dhéanamh i leith na gcineálacha costas seo a leanas:

- Pá agus táillí don fhoireann ealaíne, don fhoireann chruthaitheach agus do bhaill foirne eile atá riachtanach chun an ghníomhaíocht a chur ar siúl* (féach an nóta ar phá agus coinníollacha d'ealaíontóirí thíos)
- Forchostais/costais riaracháin **atá cuí agus i gcomhréir** leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe agat, lena n-áirítear costais phleanála agus ullmhúcháin;
- Costais forbartha
- Costais a bhaineann le spás nó le stiúideo
- Costais a bhaineann le cleachtadh a dhéanamh
- Costais forbartha agus léirithe fhisiciúil
- Costais léirithe, chomhléirithe agus dáileacháin
- Costais foilsitheoireachta
- Costais a bhaineann le taifeadadh nó doiciméadú
- Trealamh, spás nó ionad tionóil a fháil ar cíos más cuid lárnach é den ghníomhaíocht a chur ar siúl
- Costais a bhaineann le margaíocht, caidreamh poiblí agus rannpháirtíocht an phobail
- Lóistín, costais laethúla agus taisteal.

### * Nóta maidir le pá agus coinníollacha d'ealaíontóirí

Tá an Chomhairle Ealaíon tiomanta do phá agus coinníollacha ealaíontóirí a fheabhsú. Sa chomhthéacs seo, tá beartas foilsithe ag an gComhairle Ealaíon maidir le luach saothair agus conraitheoireacht chóir chothrom ealaíontóirí. Áirítear anseo prionsabail an chleachtais is fearr ar cheart dóibh siúd ar fad a oibríonn sna healaíona a bheith ag dréim leo.

Caithfear gach ealaíontóir a bhíonn páirteach i ngníomhaíochtaí a mhaoiníonn an Chomhairle Ealaíon a íoc go cóir. Caithfidh aon duine a bhfuil maoiniú á lorg acu ón gComhairle Ealaíon insint dúinn cén chaoi a chinnteoidh siad go bhfaighidh ealaíontóirí pá agus coinníollacha córa agus sonraí a thabhairt ina mbuiséid. Úsáidfimid é seo chun measúnú a dhéanamh ar iarratais agus ní thairgfimid aon mhaoiniú má mheasaimid go bhfuil an pá ró-íseal nó faoi chaighdeáin an tionscail nó i gcás nach bhfuil téarmaí an fhostaithe cuí. Déanfaimid monatóireacht ar chomhlíonadh trínár meicníochtaí tuairiscithe.

Mar chuid de d'iarratas, iarrfar ort do chur chuige maidir le cinntiú go ndíolfar luach saothar cuí le healaíontóirí a leagan amach, agus iarrfar ort eolas maidir le meánrátaí pá agus/nó raon na dtáillí atá á moladh agat a íoc le healaíontóirí aonair, le saorealaíontóirí agus le gairmithe ealaíon eile.

## Costais rochtana d'ealaíontóirí nó rannpháirtithe[2] faoi mhíchumas

Táimid tiomanta dár scéimeanna maoinithe agus an obair a mhaoinímid a dhéanamh inrochtana do chách. Chun an sprioc sin a bhaint amach, cuirimid tacaíochtaí airgeadais ar fáil chun bacainní a bhaint d'ealaíontóirí agus do rannpháirtithe faoi mhíchumas. Costais rochtana do dhaoine faoi mhíchumas a thugtar orthu seo.

Glacaimid an cur síos ar mhíchumas ó Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, mar aon le reachtaíocht agus cásdlí na hÉireann. Cuimsímid gach duine faoi mhíchumas go forleathan. Mar shampla,

[2] Tugann an Chomhairle Ealaíon sainmhíniú ar rannpháirtithe mar iad siúd a chuireann iad féin in iúl go cruthaitheach trí pháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí ealaíonta.

daoine ar a bhfuil lagú fisiciúil, leighis, cognaíoch, intleachtúil, foghlama, mothúchánach, nó céadfach.

Is ann do dhá chineál costas rochtana do dhaoine faoi mhíchumas a d'fhéadfadh a bheith ort a bhreithniú le haghaidh d'iarratais: costais rochtana phearsanta do dhaoine faoi mhíchumas agus costais rochtana lucht féachana do dhaoine faoi mhíchumas.

Cuireann an Chomhairle Ealaíon maoiniú ar leith ar fáil i gcás costais rochtana phearsanta do dhaoine faoi mhíchumas anuas ar do chroí-bhuiséad. Ní mór duit costais rochtana lucht féachana do dhaoine faoi mhíchumas a mhaoiniú ó thaobh istigh de do chroí-bhuiséad.

**1. Costais phearsanta rochtana do dhaoine faoi mhíchumas**

Ba cheart go gcuideodh na tacaíochtaí seo leat bacainní a bhaint d'ealaíontóirí nó do rannpháirtithe faoi mhíchumas a bhfuil do thogra á sheachadadh acu. Mar shampla:

- Tusa
- Na príomhealaíontóirí, daoine aonair, grúpaí nó eagraíochtaí a bhfuil baint acu le do thogra
- Comhpháirtithe, meantóirí nó comhoibrithe
- Foireann léiriúcháin
- Príomhfhoireann nó príomhphearsanra riaracháin

Seo a leanas samplaí de thacaíochtaí, ach gan bheith teoranta dóibh:

- Ateangaire Theanga Chomharthaíochta na hÉireann do rannpháirtí nó do rannpháirtithe
- Seirbhísí oibrí tacaíochta rochtana.
- Am breise cleachtaidh nó sa stiúideo.

**Tabhair faoi deara:** Is féidir cur isteach ar na costais seo anuas ar an uasmhéid atá ar fáil don dámhachtain.

**2. Costais rochtana lucht féachana do dhaoine faoi mhíchumas**

Is costais iad seo a bhaineann le do chuid oibre a dhéanamh insroichte do dhaoine faoi mhíchumas. Táimid ag iarraidh a chinntiú go mbainfidh tuilleadh daoine sásamh as eispéiris ealaíon ar ardchaighdeán agus gur féidir le gach duine rochtain a fháil ar, agus sásamh a bhaint as an obair a mhaoinímid. Ba cheart rochtain do dhaoine den lucht féachana faoi mhíchumas a mheas mar ghnáthchuid de do chuid oibre.

Samplaí de thacaíochtaí chun do chuid oibre a dhéanamh insroichte do do lucht féachana is ea:

- Ateangaire TCÉ le haghaidh d'imeacht nó le haghaidh do thaibhithe
- Seirbhís tráchtaireachta fuaime a úsáid
- Do shuíomh gréasáin a chur in oiriúint do léitheoirí scáileáin
- Ábhair thaispeántais a chruthú i bhformáidí eile amhail braille nó fuaim.

**Tabhair faoi deara:** Ní chuireann an Chomhairle Ealaíon maoiniú breise ar fáil do na costais sin i láthair na huaire. Ní mór duit na costais sin a chur san áireamh i do chroí-bhuiséad iarratais.

**Conas iarratas a dhéanamh ar chostais rochtana do dhaoine faoi mhíchumas**

Má chuireann tú costais rochtana do dhaoine faoi mhíchumas san áireamh i do thogra, ní mór duit cáipéis a uaslódáil freisin ina liostaítear na costais sin i dteannta na n-ábhar tacaíochta. Tá teimpléad roghnach ar fáil ar an leathanach Maoiniú Deontais do na hEalaíona ar shuíomh gréasáin na Comhairle Ealaíon. Ní mór duit na costais a léiriú in dhá líne ar leithligh de d'fhoirm iarratais freisin:

- Líne do chostais rochtana phearsanta do dhaoine faoi mhíchumas
- Líne do chostais rochtana lucht féachana do dhaoine faoi mhíchumas.

**Tabhair faoi deara:** is cuma má úsáideann tú do cháipéis féin nó teimpléad na Comhairle Ealaíon, ní mór an dá chineál costas rochtana do dhaoine faoi mhíchumas a thaispeáint ar leithligh.

**Cad a tharlóidh má tá an maoiniú a thairgtear dom níos lú ná an méid a d'iarr mé?**

Má thairgtear maoiniú duit atá níos lú ná an méid a d'iarr tú, pléifimid leat conas a bheartaíonn tú do ghníomhaíocht mholta a sheachadadh agus athbhreithniú á dhéanamh agat ar an mbuiséad athbhreithnithe. Pléifimid coigeartú cuí ar do chostais rochtana do dhaoine faoi mhíchumas freisin.

**Cén chaoi a dtarraingím anuas mo chostais rochtana phearsanta do dhaoine faoi mhíchumas?**

Má éiríonn le d’iarratas, tabharfaimid eolas duit maidir leis an gcaoi le do mhaoiniú a tharraingt anuas. Déantar costais rochtana phearsanta do dhaoine faoi mhíchumas a tharraingt anuas ar leithligh ó do chroímhaoiniú. B’fhéidir go n-iarrfaí ort tuairisc ghairid a chomhlánú ar an gcaoi ar úsáid tú na cistí sin.

## 1.10 Cé na costais nach féidir liom iarratas a chur isteach ina leith?

Ní féidir leat iarratas a dhéanamh i leith na gcostas seo a leanas:

- Costais nach n-oireann do chuspóir an chláir
- Forchostais leanúnacha nó costais riaracháin i gcás nach mbaineann siad sin leis na gníomhaíochtaí a bhfuil maoiniú á lorg ina leith
- Costais chaipitil.

## 1.11 Cé mhéad ar féidir liom iarratas a chur isteach ina leith?

Bíonn an Chomhairle Ealaíon ag feidhmiú faoi shriantachtaí buiséid agus is scéim fhíor-iomaíoch í seo. Caithfimid tacaíocht a chinntiú le haghaidh raon leathan foirmeacha ealaíne agus réimsí cleachtas ealaíon chomh maith.

B’ionann agus thart ar **€62,000** meánluach na ndeontas a dámhadh sna trí bhabhta is deireanaí den chlár.

Is féidir na sonraí maidir leis na hiarratasóirí ar éirigh leo maoiniú a fháil faoin gclár seo sna blianta roimhe seo a fháil ar shuíomh gréasáin na Comhairle Ealaíon sa chuid Cé Atá Maoinithe Againn.

Is scéim oscailte é Maoiniú Deontais do na hEalaíona. Ciallaíonn sin nach féidir an comhthéacs iomaíoch, ar an iomlán agus laistigh de gach réimse, a réamh-mheas roimh ré.

Tugtar an t-eolas ar 2025 thíos chun cabhrú le hiarratasóirí an comhthéacs foriomlán a thuiscint bunaithe ar thorthaí na bliana roimhe sin.

Áirítear anseo:

- Líon na n-iarratas **incháilithe** a fuarthas i ngach ceann de na réimsí ealaíon
- Líon na n-iarratas a maoiníodh i ngach réimse ealaíon.
- Meánluach an Mhaoinithe Deontais do na hEalaíona a bronnadh ar gach foirm ealaíne.

**Maoiniú Deontais do na hEalaíona 2025**

| Foirm Ealaíne | Faighte | Maoinithe | Meánmhéid an Mhaoinithe |
|---|---|---|---|
| **Ailtireacht** | 4 | 3 | €25,000 |
| **Ionaid Ealaíon** | 14 | 9 | €51,000 |
| **Tacaíocht d'Ealaíontóirí** | 2 | 2 | €53,000 |
| **Rannpháirtíocht sna hEalaíona** | 16 | 13 | €85,500 |
| **Sorcas** | 9 | 7 | €40,000 |
| **Damhsa** | 14 | 9 | €80,000 |
| **Féilte** | 9 | 7 | €86,000 |
| **Scannánaíocht** | 4 | 1 | €113,000 |
| **Litríocht (Béarla)** | 48 | 35 | €53,000 |
| **Litríocht (Gaeilge)** | 5 | 5 | €41,064 |
| **Ceol** | 52 | 45 | €29,328 |
| **Ceoldrámaíocht** | 3 | 2 | €217,500 |
| **Mórthaibhsiú** | 2 | 2 | €40,000 |
| **Taibhiú Sráide** | 1 | 1 | €30,000 |
| **Amharclannaíocht** | 22 | 14 | €178,000 |
| **Na hEalaíona Traidisiúnta** | 10 | 9 | €67,500 |
| **Na hAmharc-ealaíona** | 41 | 22 | €67,500 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Ealaíona do Leanaí agus Daoine Óga (ar a dtugtaí DÓLO)** | 21 | 16 | €117,500 |

## 2. Cad atá de dhíth chun iarratas a dhéanamh

Tabhair faoi deara, go mbíonn míreanna 1–6 thíos **riachtanach i ngach cás.**

1. **Foirm iarratais:** Foirm iarratais chomhlánaithe.

**Ábhar tacaíochta**

2. **Teimpléad AAR:** Teimpléad um Thuairisc ar Ghníomhaíochtaí Ealaíon (AAR) comhlánaithe.

   Is teimpléad Microsoft Excel é seo atá ar fáil le haghaidh 2026 (agus le haghaidh 2026 agus 2027 má tá iarratas á dhéanamh agat ar mhaoiniú le haghaidh 24 mí). Is féidir é seo a íoslódáil ón leathanach 'Maoiniú ar fáil' ar shuíomh gréasáin na Comhairle Ealaíon.

Nuair is féidir, déan gach ceann de na cineálacha ábhar tacaíochta thíos a chomhcheangal i gceangaltáin aonair in aghaidh an chineáil, mar a leanas:

3. **Samplaí Oibre:** Ní mór sampla amháin ar a laghad agus trí shampla ar a mhéad d'obair a rinne d'eagraíocht nó na healaíontóirí/pearsanra ealaíonta atá páirteach san iarratas seo le déanaí a chur isteach, e.g., clár; scríbhneoireacht/foilseacháin roimhe seo atá foilsithe nó nach bhfuil foilsithe; lámhscríbhinní samplacha; fianaise grianghrafadóireachta; léirmheasanna; sleachta ó mheasúnú nó tuairiscí eile.

   Níor cheart go mbeadh samplaí d'obair scríofa **ní ba mhó** ná deich leathanach ar fhad. Níor cheart go mbeadh comhaid físeáin nó fuaime **níos faide** ná cúig nóiméad.

   **Tabhair faoi deara:** tá rogha agat naisc URL chuig na samplaí oibre a chur ar fáil más mian leat (féach ar chuid 4.5 thíos chun níos mó sonraí a fháil).

   Comhadainm molta: **Samplaí_oibre_ainm an iarratasóra_AGF2026**

4. **Buiséid:** Chun a chinntiú gur féidir measúnú a dhéanamh ar iarratais agus ar bhonn iontamhla agus chun gur féidir le measúnóirí na sonraí maidir leis an tslí inar cinneadh na costais a fheiceáil, cuir buiséad mionsonraithe ar fáil le haghaidh gach gníomhaíocht i do thogra. Molaimid go mbaineann tú úsáid as teimpléad an Bhuiséid Gníomhaíochta Aonair (IAB) ar an Leathanach maidir le Maoiniú atá ar

Fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle Ealaíon. Má roghnaíonn tú gan ár dteimpléad a úsáid, féach ar an teimpléad chun an cineál eolais atá úsáideach a chur san áireamh i mbuiséad mionsonraithe a fheiceáil.

**Iarratasóirí amharclannaíochta:** Chun an leibhéal riachtanach sonraí a sholáthar chun measúnaithe, comhlánaigh Teimpléad an Bhuiséid Amharclannaíochta do gach gníomhaíocht léiriúcháin atá beartaithe. Ní mór an teimpléad seo a úsáid in áit theimpléad an Bhuiséid Gníomhaíochta Aonair.

**Tabhair faoi deara:** mura gcuireann tú buiséid shonracha ar fáil le haghaidh **gach** gníomhaíocht atá molta agat, ní bheimid ábalta indéantacht d'iarratais ina iomláine a mheas.

Comhadainm molta: **Buiséid_Shonracha_ainm an iarratasóra_AGF2026**

5. **Beathaisnéisí:** Beathaisnéisí gairide na n-ealaíontóirí agus na bpearsanra ealaíonta **deimhnithe** ar fad chun an clár oibre beartaithe a chur ar siúl a chur ar fáil, e.g. léiritheoirí, cláraitheoirí, stiúrthóirí, (is leor alt amháin nó mar sin). I gcás nach bhfuil na healaíontóirí deimhnithe, ba chóir duit cáipéis a chur isteach ina leagtar amach cén chaoi a sainaithneofar ealaíontóirí, agus/nó na cineálacha ealaíontóirí/comhoibrithe ar oibrigh tú leo roimhe seo.

   Comhadainm molta: **Beathaisnéisí_ainm an iarratasóra_AGF2026**

6. **Fianaise ar thacaíocht:** Fianaise i bhfoirm cáipéise um thacaíocht **dheimhnithe** lena ndéantar cur síos ar an gcomhléiriú, ar an gcomhchruthú, ar an gcomhpháirtíocht, agus tiomantais airgid a chur ar fáil.* Cuirfimid san áireamh an leibhéal maoinithe comhpháirtíochta atá daingnithe agat (airgead tirim nó tacaíocht chomhchineáil) agus indéantacht d'iarratas á mheas againn. Beidh d'iarratas níos láidre má chuirtear meabhrán tuisceana atá comhaontaithe leis na comhpháirtithe isteach. Ní gá duit 'litreacha tacaíochta' a fháil ó chomhpháirtithe nach bhfuil tacaíocht airgid thirim nó chomhchineáil á tairiscint acu le haghaidh comhléirithe, comhchruthaithe, comhpháirtíochta nó le ceangaltas airgeadais

   I gcás nach bhfuil gach comhpháirtíocht deimhnithe go fóill, léirigh i d'iarratas go bhfuil do chuid pleananna indéanta trí fhianaise a sholáthar de do chuntas teiste maidir le comhléiriú agus comhchruthú.

***Tabhair faoi deara:** beidh dualgas ort fianaise maidir le comhaontú comhpháirtíochta foirmiúil le haon chomhpháirtithe dá leithéid a thaispeáint mar choinníoll maoinithe, má éiríonn le d'iarratas.

Comhadainm molta: **Fianaise_chomhpháirtíochta_ainm an iarratasóra_AGF2026.**

**Ábhar tacaíochta — riachtanach, más ábhartha do d'iarratas**

- **Costais Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas:** Má bhaineann do thogra le healaíontóirí a bhfuil riachtanais rochtana nó míchumais acu a chumasú chun saothar a chruthú, agus/nó daoine aonair a bhfuil fadhbanna rochtana nó míchumais acu a chumasú chun freastal ar nó dul i ngleic le do chuid saothair, ní mór duit cáipéis ghairid a chur ar fáil a léiríonn na costais sin agus an tslí ar shocraigh tú orthu. Féach ar Chuid 1.9 thuas.

  Comhadainm molta: **Costais_rochtana_do dhaoine faoi mhíchumas_ainm an iarratasóra_AGF2026**

**Ábhar tacaíochta — más ábhartha do d'iarratas**

Molaimid go láidir duit an t-ábhar seo a leanas a uaslódáil chun tacú le d'iarratas má tá tú tar éis tagairt a dhéanamh dóibh nó má oibríonn tú le grúpaí áirithe.

- **Coimisiúnú:** Má bhaineann do thogra le healaíontóirí/daoine cruthaitheacha a choimisiúnú, cuir isteach cóip de do bheartas coimisiúnaithe nó cáipéis ghairid ina leagtar amach do chur chuige. Míneofar sa bheartas/cáipéis sin na céimeanna atá beartaithe agat chun trédhearcacht mar aon le cáilíocht, comhionannas agus éagsúlacht, a bhaint amach i do chur chuige coimisiúnaithe.

  Comhadainm molta: **Ráiteas_coimisiúnaithe_ainm an iarratasóra_AGF2026**

7. **Pleananna rannpháirtíochta pobail:** Más rud é go mbaineann do thogra le gníomhaíochtaí rannpháirtíochta pobail, cuir isteach plean lucht féachana agus/nó, plean dáileacháin agus/nó, plean gníomhaíochtaí, de réir mar is cuí.

Má tá meascán de chineálacha gníomhaíochtaí bunaithe ar rannpháirtíocht an phobail i do thogra, féadfaidh tú comhphlean lucht féachana/dáileacháin/rannpháirtíochta a sholáthar.

a) **Plean lucht féachana/éisteachta:** má tá gníomhaíochtaí a bhaineann le cur i láthair, taibhléiriú, taispeáint nó foilsiú ag baint le do thogra, cuir isteach sracphlean maidir leo siúd a bhfuil an saothar dírithe orthu agus an tslí a mbainfear amach iad. Táimid ag tabhairt plean lucht féachana/éisteachta air sin, ach d'fhéadfadh go n-aithneofaí é mar phlean margaíochta, agus d'fhéadfadh gnéithe a bhaineann le plean rannpháirtíochta a bheith ann chomh maith (mar shampla más ar phobail ar leith atá an obair dírithe).

   Comhadainm molta: **Plean_lucht_féachana_éisteachta_ainm an iarratasóra_AGF2026**

b) **Plean dáileacháin/scaipthe**: má bhaineann do thogra le cur i láthair nó dáileadh saothair (e.g. foilseachán nó taispeántas) i níos mó ná áit amháin, cuir isteach dréachtphlean dáileacháin/scaipthe. Tabharfar sonraí sa phlean seo maidir le cá háit, cathain agus conas a chuirfear na gníomhaíochtaí sin i láthair, a dhéanfar iad a choimeád/a dháileadh, e.g. an cineál ealaíne nó ionaid tionóil eile, spásanna poiblí, siopaí, leabharlanna, pictiúrlanna. Is féidir go n-áireofaí leis sin dáileadh fisiceach agus dáileadh digiteach, más ábhartha.

   Comhadainm molta: **Plean_dáileacháin_scaipthe_ainm an iarratasóra_AGF2026**

c) Más cuid de do thogra iad gníomhaíochtaí a bhaineann le rannpháirtíocht ghníomhach an phobail nó grúpaí ar leith (ealaíontóirí gairmiúla san áireamh), ní mór duit dreáchtphlean rannpháirtíochta a sholáthar, ina leagtar amach cé a bheidh rannpháirteach agus an cineál rannpháirtíochta a bheidh i gceist.

   Comhadainm molta: **Plean_rannpháirtíochta_ainm an iarratasóra_AGF2026**

Chun a thuilleadh treorach a fháil maidir lena bhfuil luaite thuas, féach ar an leathanach Rannpháirtíocht an Phobail ar shuíomh gréasáin na Comhairle Ealaíon.

8. **Leanaí agus daoine óga:** Má bhaineann do thogra le leanaí agus daoine óga, tabhair eolas maidir leis an tslí a bheidh guth ag leanaí agus ag

daoine óga i nglacadh cinntí, cuir seo san áireamh mar chuid de do phlean rannpháirtíochta nó mar dhoiciméad breise. Le haghaidh tuilleadh eolais, féach An Creat Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga agus iad a bheith Rannpháirteach i nDéanamh Cinntí.

Comhadainm molta: **Leanaí_agus_daoine_óga_ainm an iarratasóra_AGF2026**

9. **Spás Oibre:** Más cuid de do thogra spás oibre a chur ar fáil d'ealaíontóirí, cuir fianaise ar fáil i bhfoirm grianghraf den spás oibre/de na hacmhainní fisiciúla féideartha. Mura bhfuil aon spás deimhnithe agat, déan cur síos ar shonraíochtaí an chineáil spáis a bhfuil sé i gceist agat a úsáid.

   Comhadainm molta: **Spásanna_oibre_ealaíontóirí_ainm an iarratasóra_AGF2026**

10. **Ainmhithe:** Má tá obair le hainmhithe i gceist le do thogra, cuir isteach cóip den cháipéis beartas agus nósanna imeachta um chosaint ainmhithe de do chuid. Chun treoir a fháil, féach ar an gcáipéis seo ar shuíomh gréasáin na Comhairle Ealaíon.

    Comhadainm molta: **Leas_ainmhithe_ainm an iarratasóra_AGF2026**

**Ní ghlacfaimid** le ceann ar bith díobh seo a leanas mar chuid de d'iarratas:

- Aon ábhar tacaíochta breise a chuireann tú ar fáil agus nach bhfuil liostaithe thuas
- Ábhar tacaíochta ar bith nach n-uaslódáiltear mar chuid de d'iarratas ar líne
- Aon ábhar tacaíochta i ndiaidh an spriocdháta le haghaidh iarratas.

**Tabhair faoi deara:** is féidir úsáid a bhaint as naisc chuig ardáin sruthaithe le samplaí de shaothar a thabhairt. **Ní mór** ábhar tacaíochta neamhspleách amhail CVanna agus litreacha tacaíochta etc. a uaslódáil mar dhoiciméid aonair le d'iarratas. Féach ar chuid 4.

| |
|---|
| **Tabhair faoi deara:** Mura gcuireann tú na **nithe riachtanacha** ar fáil atá ábhartha do do ghníomhaíochtaí, d'fhéadfadh tionchar a bheith aige sin ar mheasúnú d'iarratais agus an deis go mbronnfaí maoiniú ort a laghdú. Mar shampla, mura gcuireann tú doiciméad tacaíochta ar fáil do Chostais Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas, nílimid in ann an chuid seo de |

d'iarratas a mheas i gceart agus ní bheimid in ann maoiniú a bhronnadh ar an ngníomhaíocht sin.

### Maidir le hiarratais a bhaineann le leanaí agus le daoine óga atá faoi bhun 18 mbliana d'aois

Éilíonn an Chomhairle Ealaíon ar gach duine aonair agus ar gach eagraíocht a sholáthraíonn seirbhísí (e.g. seirbhísí cultúrtha, áineasa, oideachais) do leanaí agus do dhaoine óga atá faoi bhun 18 mbliana d'aois beartais agus nósanna imeachta oiriúnacha um chosaint leanaí a bheith i bhfeidhm acu.

Agus iarratas á dhéanamh agat, **ní mór** duit a chur in iúl i **gcuid 1** den fhoirm iarratais cé acu a bhaineann do thogra leis an aoisghrúpa sin nó nach mbaineann.

- Má fhreagraíonn tú 'Tá' ar an gceist seo san fhoirm iarratais agus má éiríonn le d'iarratas, beidh ort, mar choinníoll maoiniúcháin, a dheimhniú agus a léiriú go bhfuil beartais agus nósanna imeachta oiriúnacha um chosaint leanaí i bhfeidhm agat.
- Má éiríonn le d'iarratas, iarrfar ort Féin-iniúchadh Dearbhaithe Cáilíochta na Comhairle Ealaíon i dtaca le Cosaint agus Leas Leanaí a chomhlánú ar https://childprotection.artscouncil.ie/.

  Téigh chuig www.tusla.ie chun tuilleadh eolais a fháil maidir le Tús Áite do Leanaí.

### Maidir le hiarratais a bhaineann le daoine fásta soghonta

Agus iarratas á dhéanamh agat, **ní mór** duit a chur in iúl i **gcuid 1** den fhoirm iarratais an bhfuil obair le daoine soghonta nó ar a son mar chuid de do thogra nó nach bhfuil. Má chuireann tú tic sa bhosca 'Tá', cuireann tú in iúl go n-oibreoidh tú leis an gcohórt sin, nó go gcuirfidh tú obair i láthair don chohórt sin, mar chuid de do thogra agus go n-aithníonn tú go bhfuil tú ar an eolas maidir leis an mBeartas agus na Nósanna Imeachta Náisiúnta um Chosaint Daoine Soghonta atá i mBaol Mí-úsáide*, agus go gcloíonn tú leis.

* Tabhair faoi deara go bhféadfaí iarradh ort níos mó fianaise maidir le cloí leis na beartais seo a chur ar fáil má éiríonn le d'iarratas.

# 3. An chaoi a ndéanaimid measúnú ar d'iarratas

## 3.1 Critéir Mheasúnaithe

Cuirfear iarratas a mheasfar incháilithe ar aghaidh don mheasúnú. Bunófar an measúnú ar na critéir seo a leanas:

### Critéar 1: Caighdeán ealaíonta

Sa chuid seo, breathnaítear ar chaighdeán an smaoinimh, na gníomhaíochta ealaíon atá beartaithe agus na ndaoine a bheadh páirteach inti. Breathnófar ar a bhfuil beartaithe agat a dhéanamh agus ar an gcur síos a dhéanann tú ar na gníomhaíochtaí sin. Breathnófar ar an mbarr feabhais a léirítear sa mhéid atá beartaithe agat maidir le huaillmhian, úrnuacht, triail, nuálaíocht, inniúlacht agus comhoibriú. Cuirfear san áireamh freisin comhthéacs na foirme ealaíne nó an chleachtais ealaíne a bheartaítear don ghníomhaíocht ealaíne.

- Cuirfimid san áireamh caighdeán agus uaillmhian an tsaothair atá cruthaithe, déanta nó léirithe agat féin, ag an eagraíocht agus ag aon chomhpháirtithe le trí bliana anuas.
- Má bhaineann an togra le saothair nua ealaíne a fhorbairt nó a chruthú, breathnófar ar an gcaoi a dtaispeánfar barr feabhais sa phróiseas lena bhforbraítear, lena gcruthaítear, agus lena gcuirtear i láthair an saothar.
- Má bhaineann an togra le seirbhísí, acmhainní nó saoráidí a chur ar fáil, breathnófar ar an gcaighdeán a bhaineann lena bhfuil beartaithe agat agus an t-éileamh ó réimse an chleachtais ealaíne agus ar a ábhartha agus atá sé.
- I ngach aon chás, breathnófar ar thaithí nó ar chumas ealaíne an ealaíontóra agus na ndaoine cruthaitheacha a bheidh páirteach bunaithe ar a bhfuil ina mbeathaisnéisí agus ar an ábhar tacaíochta a leagtar isteach.
- Déanfaimid measúnú ar an gcaoi a chinnteofar cáilíocht, comhionannas agus éagsúlacht sa chur chuige a ndéanann tú cur síos air maidir le healaíontóirí agus comhpháirtithe a roghnú.

### Critéar 2: Torthaí atá ag teacht le cuspóirí an Mhaoinithe Deontais Ealaíon

Breathnófar anseo ar an gcaoi a dtagann na torthaí atá beartaithe agat le cuspóirí an chláir maoinithe agus ar an gcaoi a bhfuil tacaíocht á tabhairt dá bharr sin d'fhorbairt na n-ealaíon in Éirinn.[3]

I ngach aon chás, breathnófar ar an gcaoi a dtaispeántar go ndéanfaidh na torthaí ar a bhfuil beartaithe agat na nithe seo a leanas:

- Déanfar timpeallacht thacúil a fhorbairt do réimse ealaíontóirí chun saothar a fhorbairt agus a chruthú;

  **agus/nó**

- Deiseanna a chur ar fáil don phobal mór a bheith páirteach sna healaíona

  **agus**

- An maitheas a dhéanfar d'éiceolaíocht na n-ealaíon sa réimse cleachtais lena mbaineann tú.

San áit go mbaineann do thograí le rannpháirtíocht an phobail – ar bhonn áitiúil, náisiúnta nó idirnáisiúnta – déanfar measúnú ar an gcaoi a dtaispeántar barr feabhais, uaillmhian agus nuálaíocht sa phróiseas agus sa chur chuige atá agat i dtaca le héagsúlú lucht féachana/éisteachta, lena áirítear an tslí a chloiseann tú ó ghrúpaí a théann i ngleic leat agus a fhreagraíonn tú dá suim agus dá n-eispéiris.

Ar deireadh ar fad, déanfar measúnú ar an gcaoi atá ar intinn agat measúnú a dhéanamh ar na torthaí seo.

## An cheist maidir le comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht a fhreagairt

Ó sheol muid an [Beartas um Chomhionannas, Cearta an Duine agus Éagsúlacht (CCDÉ)](), in 2019, tá an Chomhairle Ealaíon tiomanta do phrionsabail an bheartais i ndáil le **comhionannas rochtana, deiseanna agus torthaí** a leabú i ngach ní a dhéanaimid. Tá an-spéis ag an gComhairle Ealaíon tacú go háirithe le saothar trína ndéantar prionsabail agus cleachtais an chomhionannais, na

[3] Déan tagairt, le do thoil, do na tosaíochtaí beartais atá in *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh*, straitéis deich mbliana na Comhairle Ealaíon, agus do bheartais maidir le foirmeacha ealaíne agus cleachtais ealaíon.

héagsúlachta agus an ionchuimsithe (CÉI) a leabú ar bhealach dea-ullmhaithe agus réamhghníomhach.

Cuirtear deich saintréith chosanta san áireamh i mbeartas CÉI na Comhairle Ealaíon. Faoi mar na forais sin: inscne; claonadh gnéis; stádas pósta; stádas teaghlaigh; creideamh; aois; míchumas; cine; duine den Lucht Siúil; agus stádas socheacnamaíoch.

San fhoirm iarratais, iarraimid ar iarratasóirí ar Mhaoiniú Deontais do na hEalaíona cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a ndéantar prionsabail an chomhionannais, na héagsúlachta, agus an ionchuimsithe a chuimsiú sna gníomhaíochtaí atá beartaithe ar mhaithe le deiseanna nó torthaí cothroma a chur ar fáil dóibh siúd a bheidh páirteach iontu.

Is féidir sin a dhéanamh ar roinnt bealaí éagsúla – e.g.,

- Aithníonn iarratasóir an tionscadail é/í féin mar dhuine a bhfuil ceann amháin nó níos mó de na deich saintréith chosanta arna leagan amach i mbeartas EDI na Comhairle Ealaíon (nasc thuas) aige/aici
- Aithnítear príomhealaíontóir(í) an tionscadail mar dhaoine a bhfuil ceann amháin nó níos mó de na deich saintréith chosanta acu, go háirithe ó ghrúpaí faoi ghannionadaíocht.
- Baineann téamaí nó ábhar béime an tionscadail le saincheist chomhionannais ar leith nó déantar obair sa tionscadal le pobal sainspéise áirithe a bhfuil ceann amháin nó níos mó de na saintréithe cosanta arna leagan amach i mbeartas CCDÉ aige.

### Cad iad na sonraí ba cheart duit a shonrú i d'fhoirm iarratais?

- Scríobh 'neamhbhainteach' mura gcreideann tú go ndéanfar rannchuidiú áirithe don bheartas tríd na gníomhaíochtaí atá beartaithe don bhabhta seo.
- Is beag an seans go ndéanfar tagairt i d'iarratas do gach ceann de na deich saintréith chosanta arna gclúdach sa bheartas. Dírigh ar na gnéithe atá ábhartha i gcás do réimse ealaíon agus a bhaineann leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe agat. Agus muid ag déanamh freagairt na ceiste sin a mheas, féachfaimid ar phoitéinseal na ngníomhaíochtaí, tríd an gcur chuige atá molta, dul i ngleic leis na héagothromaíochtaí atá sna healaíona.

- Inis dúinn go hachomair cén fáth a gcreideann tú go mbeifear in ann, mar gheall ar do thograí, dul i ngleic leis na héagothromaíochtaí sna healaíona – e.g. d'fhéadfadh fianaise a bheith agat ar éagothromaíochtaí stairiúla nó i réimse ealaíon áirithe; d'fhéadfá a bheith ag obair le comhpháirtithe a bhfuil dea-chuntas teiste acu i bplé le pobail nó ealaíontóirí a ndéantar tearc-ionadaíocht orthu.
- D'fhéadfadh go bhfuil próisis nó bealaí nua oibre á dtabhairt isteach agat lena dtacófar le rochtain. Inis dúinn faoi na bealaí ina bhfuil do chuid oibre á déanamh inrochtana agat, lena n-áirítear dóibh siúd atá ag glacadh páirte agus do lucht féachana a bhfuil riachtanais rochtana acu.
- Déan cur síos ar an athrú nó ar an toradh a d'fhéadfadh a bheith ann do na daoine atá bainteach leis an tionscadal dá n-éireodh leis.

### Critéar 3: Indéantacht

Breathnófar ar an gcumas atá agat a bhfuil beartaithe a thabhairt chun críche. Breathnófar ar an gcaoi ar taispeánadh na nithe seo a leanas:

- Cuntas teiste na ndaoine a mbeidh baint acu leis an togra a bhainistiú, a riar, agus a sholáthar.
- An cumas atá agat an clár atá beartaithe a thabhairt chun críche.
- Go mbeidh pá cóir agus coinníollacha córa ag gach ealaíontóir a bheidh páirteach ann (féach an nóta i dtaca le pá agus coinníollacha d'ealaíontóirí i gCuid 1.9 thuas).
- Go bhfuil pleananna trédhearcach agus réadúil ann chun ealaíontóirí nó comhpháirtithe eile a úsáid nó a choimisiúnú.
- Go bhfuil na comhpháirtithe agus/nó comhoibrithe tiomanta dá bhfuil beartaithe agus an leibhéal maoinithe chomhpháirtíochta nó ceangaltais eile.
- Go bhfuil an caiteachas atá beartaithe réalaíoch agus go ndéanfar an buiséad a bhainistiú mar is cuí.
- Go bhfuil na foinsí eile ioncaim atá agat slán agus réadúil agus go bhfuil teacht agat ar acmhainní eile nach acmhainní airgeadais iad a bheidh de dhíth.
- Go bhfuil an clár ama nó an sceideal réalaíoch agus go sásófar na riachtanais theicniúla uile.

- Go bhfuil na spriocanna atá agat i dtaca le lucht féachana nó rannpháirtíocht an phobail, más iomchuí, sonrach, réalaíoch agus insroichte agus go bhfuil plean agat chun na spriocanna sin a bhaint amach; D'fheadfadh líon lucht féachana/éisteachta nó rannpháirtithe a bheith san áireamh anseo agus/nó torthaí níos cáilíochtúla de réir mar is cuí.
- Gur sainaithníodh aon rioscaí, agus go bhfuil maolú cuí i bhfeidhm.
- San áit go bhfuil tionscnaimh nó cláir eile idir lámha ag iarratasóir go fóill, d'fhéadfaí é sin a chur san áireamh nuair a bheidh a chumas na gníomhaíochtaí molta a chur i gcrích á mheas.

Úsáidfear a bhfuil san iarratas agus a dtaispeántar san ábhar tacaíochta chun an measúnú seo a dhéanamh.

## 3.2 Scóráil

Bainfidh measúnóirí leas as an saineolas gairmiúil atá acu ar na healaíona agus as a dtuairimí chun iarratas a scóráil i leith na gcritéar. Beidh an measúnú agus scóráil bunaithe ar na gnéithe seo a leanas:

- An t-eolas a chuireann tú ar fáil san fhoirm iarratais agus an t-ábhar tacaíochta
- A gcuid eolais ar do chuid saothair roimhe seo
- A gcuid eolais ar réimse na n-ealaíon go ginearálta
- Comhthéacs na foirme ealaíne nó an chleachtais ealaíon ina bhfuil tú ag feidhmiú
- An comhthéacs iomaíoch don dámhachtain.

Is iad seo a leanas na scóir a úsáidfear:

| Scór uimhriúil | | Míniú |
|---|---|---|
| **6** | Go hIontach | Pléitear gach gné ábhartha den chritéar go cuimsitheach agus go sármhaith san iarratas. Níl easnaimh ar bith in aon chor ann. Coimeádtar an scór seo le haghaidh na ngnéithe is fearr ar fad de na hiarratais agus úsáidfear é go fíorspárálach. |

| | | |
|---|---|---|
| **5.5** | | Idir ‘Sármhaith’ agus ‘Eisceachtúil’. |
| **5** | Sármhaith | Pléitear gach gné ábhartha den chritéar go sochreidte agus go rathúil san iarratas. Soláthraítear an t-eolas agus an fhianaise ar fad a theastaíonn agus níl buarthaí nó réimse laige ar bith ann. |
| **4.5** | | Idir ‘An-mhaith’ agus ‘Sármhaith’. |
| **4** | Go hAn-Mhaith | Pléitear an critéar go han-mhaith san iarratas. Tugtar eolas soiléir faoin bhfianaise a theastaíonn ann. Tá buarthaí agus réimsí laige ar bith fánach. |
| **3.5** | | Idir ‘Go maith’ agus ‘An-mhaith’. |
| **3** | Go maith | Pléitear an critéar go maith san iarratas, cé go bhféadfaí roinnt feabhsuithe a dhéanamh. Tugtar eolas ann ar gach gné den fhianaise a theastaíonn beagnach, cé go bhfuil roinnt bearnaí ann. |
| **2.5** | Maith go leor | Pléitear an critéar ar bhealach maith go leor le go gcuirfí san áireamh é le haghaidh maoinithe, ach tá amhrais maidir leis an méid sonraí a cuireadh ar fáil nó caighdeán na bhfreagraí i gcomhthéacs na hiomaíochta ina iomlán. |
| **2.0** | Dona go leor | Níl go leor fianaise nó níl aon fhianaise leis an gcritéar a phlé a leibhéil a thuillfeadh tacaíocht. |

Bronnfar an maoiniú ar bhonn iomaíoch laistigh de réimse ealaíne nó de réimse cleachtais ealaíon. Ciallaíonn sin go mbronnfar maoiniú ar na hiarratais a ghnóthaíonn na scóir is mó go dtí go mbainfear an leithdháileadh den bhuiséad do gach foirm ealaíne nó réimse cleachtais ealaíon amach.

**Tabhair faoi deara:** má bhronntar an scór 2.0 ar do thogra i gcás aon cheann de na critéir, ní chuirfear maoiniú ar fáil don togra.

San áit go mbaineann d’iarratas scór níos airde amach, déanfar iarracht maoiniú chun riachtanais an togra ina n-iomláine a chur ar fáil más féidir. Bíodh sin amhlaidh, i roinnt cásanna ní bheidh sé d’acmhainn againn tacú le huaillmhian iomlán d’iarratais. D’fhéadfadh go dtarlódh a leithéid nuair a mheastar nach ndearnadh gníomhaíochtaí áirithe a fhorbairt a dhóthain nó nach bhfuil siad sách stuama i gcomhthéacs iomaíoch foriomlán na

dámhachtana nó de bharr gur gá cothromaíocht a chinntiú i measc foirmeacha ealaíne agus ceantair éagsúla.

Dá bhrí sin, cé go mbronnfar maoiniú ar gach iarratasóir a ghnóthaíonn scór sách ard chun maoiniú a thuilleamh, beidh luach an mhaoinithe ag brath ar líon na ngníomhaíochtaí sa togra a bhfuiltear chun tacú leo agus an méid éilimh sa réimse ealaíon atá agat ina iomlán. Féach ceist 3.2 san fhoirm iarratais.

Cuirimid an luach a bhainfear as an airgead i do thogra san áireamh chomh maith agus cinneadh á dhéanamh ar luach an deontais a bhronnfar.

# 4. D'iarratas a dhéanamh

| | |
|---|---|
| Is é an spriocdháta i gcomhair na n-iarratas | **5.30 p.m., Déardaoin, an 13 Márta 2025** |

Déan d'iarratas a ullmhú agus a chur isteach **tamall maith** roimh an spriocdháta.

## 4.1 Cláraigh le Seirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon

**Ní mór** gach iarratas a dhéanamh trí Sheirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon; **ní** ghlacfar le hiarratais a dhéanfar ar bhealach ar bith eile (tríd an bpost, ar fhacs nó ar an ríomhphost).

**Ní mór** duit cuntas Seirbhísí ar Líne a bheith agat chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú. Mura bhfuil cuntas Seirbhísí ar Líne agat cheana féin, cláraigh do chuntas tríd an bhfoirm chlárúcháin a chomhlánú anseo: https://onlineservices.artscouncil.ie/register.aspx?&lang=gd-ge.

Laistigh de cúig lá oibre gheobhaidh tú ríomhphost ina mbeidh do ARN (Uimhir Thagartha Ealaíontóra) uathúil agus pasfhocal a bheidh tú in ann a úsáid chun logáil isteach ar na Seirbhísí ar Líne.

**Riachtanais maidir leis na Seirbhísí ar Líne a úsáid**

**Tabhair faoi deara:** beidh ort ríomhaire/ríomhaire glúine a úsáid chun d'iarratas a chur isteach. Ní oibríonn ár láithreán gréasáin Seirbhísí ar Líne ar fhóin ná ar tháibléid.

Ní mór do do ríomhaire agus don bhrabhsálaí idirlín na riachtanais seo a leanas a chomhlíonadh ionas go n-oibreoidh na Seirbhísí ar Líne duit:

| | |
|---|---|
| **PC** | Córas oibriúcháin Windows 7 nó leagan níos nuaí de Windows.<br><br>Oibreoidh OLS leis na leaganacha is déanaí de gach brabhsálaí – e.g. Microsoft Edge, Google Chrome, Safari, Mozilla Firefox |

| | |
|---|---|
| **Mac** | Mac OS X v10.5 Leopard nó leagan níos déanaí de chóras oibriúcháin Mac (macOS).<br><br>Oibreoidh OLS leis na leaganacha is déanaí de gach brabhsálaí – e.g. Microsoft Edge, Google Chrome, Safari, Mozilla Firefox |

**Tabhair faoi deara:** ní mór go mbeidh Microsoft Word (Deasc) nó OpenOffice Writer suiteáilte freisin chun an fhoirm iarratais féin a chomhlánú. Bogearraí saor in aisce is ea OpenOffice Writer is féidir a íoslódáil ó: www.openoffice.org.

### Úsáideoirí OpenOffice

Féach ar ár bhfíseán *Using OpenOffice to download, complete and upload the application form* ag https://www.youtube.com/watch?v=iT9XxgmgoEo.

**Ní mór duit** OpenOffice Writer leagan 4.0.1 nó níos luaithe a úsáid. Nuair a úsáidtear leaganacha níos déanaí ná 4.0.1 de OpenOffice Writer athraíonn an chaoi a bhfeictear ár bhfoirmeacha iarratais nuair a chuirtear isteach trí Sheirbhísí ar Líne iad.

### Nótaí tábhachtacha d'úsáideoirí Apple Mac

- Tabhair faoi deara an chuid san fhíseán YouTube (ag 1 nóim. 20, tá an nasc ar fáil thuas) ina bpléitear leis an bhfadhb leagan 4.0.1 a íoslódáil ar ríomhairí Mac ar a mbeadh an córas oibriúcháin Mac OS Mojave nó leagan níos luaithe suiteáilte.
- Ní féidir OpenOffice 4.0.1 a íoslódáil ar Mac ar a bhfuil an córas oibriúcháin MAC OS Catalina. Má tá an córas oibriúcháin seo nó leagan níos déanaí de suiteáilte ar do Mac, beidh ort leagan 4.1.10 de OpenOffice, nó leagan níos nuaí de, a íoslódáil agus a úsáid.

Mura féidir leat aon cheann de na riachtanais sin a chomhlíonadh nó mura dtuigeann tú iad, téigh i dteagmháil linn le comhairle a fháil chomh luath agus is féidir leat roimh an spriocdháta.

**Fág do dhóthain ama agat féin chun an t-iarratas a chomhlánú**

Téigh i dtaithí ar shuíomh gréasáin na Seirbhísí ar Líne **tamall maith** roimh an spriocdháta agus sula dtosaíonn tú ag ullmhú d'iarratais.

Cinntigh go mbeidh go leor ama agat chun d'iarratas a uaslódáil. Ná dearmad go bhféadfadh an t-am uaslódála bheith i bhfad níos faide ná an t-am íoslódála;

mar sin d'fhéadfadh sé go dtógfadh sé níos mó ama ná mar a cheapann tú d'ábhar tacaíochta a uaslódáil.

Tacaíocht theicniúil

Má bhíonn tacaíocht theicniúil uait agus iarratas ar líne á dhéanamh agat, déan teagmháil linn.

- Ríomhphost: onlineservices@artscouncil.ie
- Guthán: 01 618 0200/01 6180243

Tabhair uimhir ghutháin agus déan cinnte go bhfuil tú ar fáil chun glaoch uainn a fhreagairt.

Déileálaimid le fiosruithe ar bhonn tús freastail ar an gceann is túisce. Molaimid duit aon deacrachtaí teicniúla a thuairisciú dúinn **tamall maith roimh** an spriocdháta.

> Cuimhnigh go ndéantar anrud glaonna ag druidim leis an spriocdháta.
>
> B'fhéidir nach réiteofaí glaonna maidir le tacaíocht theicniúil a gheofar tar éis **2.00pm** ar an dáta deiridh roimh an spriocdháta

## 4.2 Déan an fhoirm iarratais a íoslódáil

1. Logáil isteach ar Sheirbhísí ar Líne (OLS).
2. Ar an leathanach baile in OLS, cliceáil ar an gcnaipe '**Déan iarratas'**.
3. Ar an scáileán '**Iarratas a Dhéanamh**', roghnaigh príomhtheagmhálaí d'eagraíochta don iarratas seo agus cliceáil '**Ar aghaidh'**. Ba cheart go dtaispeánfaí an scáileán '**1**. **Iarratas a dhéanamh: Roghnaigh clár maoinithe**'.
4. I gcuid A, déan dhá rud.
    a. Ón liosta aníos '**Maoiniú**', roghnaigh do chlár maoinithe.
    b. Sa réimse '**Do thagairt**', clóscríobh tagairt uathúil le haghaidh d'iarratais. Cuideoidh sin leat d'iarratas a aithint ar do leathanach baile.
5. I gcuid B, cliceáil na cnaipí chun na nótaí treorach agus an fhoirm iarratais a íoslódáil.

Chun d'fhoirm iarratais a chomhlánú, **caithfidh** tú na bogearraí cearta a bheith agat.

- Microsoft Word (Ríomhaire Deisce) agus Microsoft Excel

  **nó**

- OpenOffice Writer agus OpenOffice Calc; is féidir iad sin a íoslódáil ar www.openoffice.org.

Cuimhnigh, comhlánóidh tú an fhoirm iarratais ar do ríomhaire agus ansin uaslódálfaidh tú trí na Seirbhísí Ar Líne í.

## 4.3 Líon isteach an fhoirm iarratais

Nuair a bheidh an fhoirm íoslódáilte agat, lean na treoracha ar an bhfoirm maidir lena comhlánú. Tabhair faoi deara ár mbeartas maidir le pá d'ealaíontóirí, dá dtagraítear i gcuid 1.9 thuas.

**Nóta maidir le huasmhéid carachtar/focal:** beidh na freagraí a thabharfaidh tú ar gach ceist faoi réir uasmhéid carachtar/focal (spásanna san áireamh). Is féidir freagraí níos lú ná an t-uasmhéid a scríobh má tá na pointí is gá tugtha sa fhreagra.

## 4.4 Comhlánaigh teimpléad AAR

Féach ar chuid 5 de na treoirlínte seo thíos, le haghaidh sonraí maidir le conas teimpléad AAR a chomhlánú.

## 4.5 Ullmhaigh an t-ábhar tacaíochta atá riachtanach don iarratas

Féach ar chuid 2 thuas: **Cad atá de dhíth chun iarratas a dhéanamh?**

**Ní mór** duit ábhar tacaíochta a uaslódáil le d'iarratas agus do thuairisc airgeadais. Mura n-uaslódálann tú ábhar tacaíochta, beidh d'iarratas neamhiomlán agus ní mheasfaimid é.

Má tá ábhar tacaíochta agat nach bhfuil i bhformáid leictreonach, ní mór duit é a scanadh le go mbeidh tú ábalta é a uaslódáil.

Is é **40 MB** an t-uasmhéid iomlán maidir leis an ábhar tacaíochta ar fad a uaslódáiltear le hiarratas amháin.

### Na formáidí comhaid a nglactar leo

Is iad seo a leanas na formáidí comhaid a nglactar leo le haghaidh d'ábhair thacaíochta.

| Cineál comhaid | Iarmhír comhadainm |
|---|---|
| **téacschomhaid** | .rtf, .doc, .docx, .txt |
| **comhaid íomhá** | .jpg, .gif, .tiff, .png |
| **comhaid fuaime** | .wav, .mp3, .m4a |
| **comhaid físe** | .avi, .mov, .mp4 |
| **scarbhileoga** | .xls, .xlsx |
| **Comhaid PDF Adobe** | .pdf |

**Tabhair faoi deara:** carachtair nach gceadaítear in ainmneacha comhaid: **." * : < >? / ** .

Mar shampla, ní ghlacfaidh Seirbhísí Ar Líne leis na hainmneacha comhaid seo:

- Plean_rannpháirtíochta.ainm an iarratasóra_AGF2026
- Plean_dáileacháin_scaipthe_ainm an iarratasóra_AGF2026

**Tabhair faoi deara:** má tá d’fhoirm iarratais curtha i gcrích agat mar chomhad **.docx,** agus má tú muiníneach go bhfuil d’fhoirm iarratais líonta isteach i gceart (lena n-áirítear clóscríobh laistigh de na réimsí liatha) ach go léiríonn na seirbhísí ar líne teachtaireacht a deir nach féidir an fhoirm a uaslódáil, déan iarracht í a shábháil mar chomhad **.doc** agus í a uaslódáil arís.

## Naisc URL a chur isteach

**Tabhair faoi deara:** is féidir úsáid a bhaint as naisc chuig ardáin sruthaithe le samplaí de shaothar a thabhairt. Ní mór ábhar tacaíochta neamhspleách, amhail CVanna agus litreacha tacaíochta etc. a uaslódáil mar dhoiciméid ar leith le d'iarratas.

Féadfaidh tú naisc a chur ar fáil chuig ábhar atá á óstáil ar YouTube (www.youtube.com) nó suíomhanna gréasáin eile ar féidir comhaid a chomhroinnt orthu (e.g. Vimeo, Soundcloud) seachas an t-ábhar a uaslódáil go díreach. Chun é sin a dhéanamh, cóipeáil an URL (seoladh iomlán an tsuímh ar a bhfuil d’ábhar á óstáil) isteach i gcáipéis Microsoft Word (Deisce) nó OpenOffice Writer nó cáipéis PDF agus uaslódáil é mar cháipéis tacaíochta ina bhfuil nasc gréasáin.

Tabhair faoi deara nach nglacfaimid le naisc chuig na foinsí seo a leanas:

- Suíomhanna comhroinnte comhad – e.g. Google Drive, OneDrive
- Ardáin na meán sóisialta – e.g. Meta, Instagram
- Do shuíomh gréasáin pearsanta féin

**Tabhair faoi deara:** Ní bhreathnóidh na measúnóirí ach amháin ar ábhair sna naisc URL a chuireann tú ar fáil. Tá sé tábhachtach go ndéanfaidh tú cinnte go n-oibríonn gach nasc sa cháipéis **agus** go dtugann na naisc an breathnóir chuig an bhfoinse cheart ionas go mbeidh an breathnóir in ann rochtain a fháil ar d’ábhar tacaíochta agus breathnú air.

Ná marcáil d’ábhar mar ‘príobháideach’ mar nach mbeidh sé ar fáil lena mheasúnú. Mar shampla, ar YouTube athraigh do shocruithe go ‘neamhliostaithe’ más rud é nár mhaith leat go mbeadh an pobal in ann féachaint ar ábhar tacaíochta an iarratais ar do chainéal.

## 4.6 Athbhreithnigh an seicliosta don iarratas

Bain úsáid as an seicliosta i d’fhoirm iarratais chun súil a chaitheamh siar ar d’iarratas. Má tá na nithe ar fad ar an seicliosta agat, tá tú réidh le d’iarratas a uaslódáil agus a chur isteach.

## 4.7 Iarratas a dhéanamh ar líne

Tar éis duit an t-iarratas ar líne a chomhlánú, an tuairisc gníomhaíochta ealaíne ar líne a dhéanamh agus an t-ábhar tacaíochta a bhailiú, is féidir leat an t-iarratas comhlánaithe a sheoladh isteach.

Chun é seo a dhéanamh, logáil isteach ar na Seirbhísí ar líne agus lean na treoracha ar an scáileán chun an t-iarratas a chríochnú.

## 5. Conas teimpléad um Thuairisc ar Ghníomhaíochtaí Ealaíon (AAR) a chomhlánú

Scarbhileog is ea teimpléad AAR ina ngabhtar d'fhigiúirí mionsonraithe airgeadais, lucht féachana agus foirne, chomh maith le heolas achomair faoi na gníomhaíochtaí a bheartaíonn tú a dhéanamh in 2026.

Tugadh isteach an próiseas AAR ar thrí chúis:

- Mar chuid dár dtiomantas feabhas a chur ar an monatóireacht ar thorthaí agus ar thionchar ár n-infheistíochtaí mar uirlis le haghaidh abhcóideachta, comhairle, forbairt beartais agus déanamh cásanna.
- Mar mhodh chun obair na n-iarratasóirí a mheasúnú agus a rianú ar bhealach comhsheasmhach córasach.
- A bheith mar bhonn le haghaidh comhaontuithe maoinithe le faighteoirí deontais.

**Tabhair faoi deara: Ní mór duit do theimpléad AAR a uaslódáil mar chomhad Microsoft Excel nó OpenOffice Calc. Ná hathraigh go comhad pdf é.**

**comhlánaigh an teimpléad AAR mar a leanas:**

| **Cuid 1** | **Caiteachas ar fhorchostais agus ioncam** |
|---|---|
| **Caiteachas bunúsach** | Cuimsíonn sé seo aon fhorchostas nó costas riaracháin nach mbaineann go sonrach leis na gníomhaíochtaí ealaíon atá beartaithe agat.<br><br>Is ionas gur féidir léargas a thabhairt dúinn ar mhodh oibriúcháin d’eagraíochta más maith leat atá sé seo ann. Níor cheart duit aon chostas a bhfuil maoiniú a lorg agat ina dtreo a chur san áireamh sa chuid seo.<br><br>**Tabhair faoi deara: Ná** liostaigh na forchostais nó riaracháin chéanna ag an bpríomhleibhéal agus ag an leibhéal gníomhaíochta. |
| **Ioncam nach mbaineann go díreach leis na gníomhaíochtaí a bheartaítear** | Is ioncam é seo nach dtagann go díreach ó ghníomhaíochtaí ar leith, nó nach mbaineann go díreach le gníomhaíochtaí ar leith.<br><br>Samplaí: ioncam deontais an údaráis áitiúil nach n-úsáidtear go díreach le haghaidh gníomhaíocht ar |

| | |
|---|---|
| | leith; ioncam ó urraíocht nó ó thiomsú airgid nach bhfuil dírithe ar ghníomhaíocht ar leith; ioncam ó chíos nó ioncam ó tháillí le haghaidh seirbhísí arna soláthar. |
| | **Mura bhfuil aon phríomhchostas nó ioncam agat, is féidir an chuid seo den AAR a fhágáil bán.** |

| **Cuid 2.1** | **Sonraí faoin ngníomhaíocht** |
|---|---|
| **A. Ainm na gníomhaíochta** | An t-ainm atá ar do ghníomhaíocht – is é seo an t-ainm a thug tú ar gach gníomhaíocht i gcuid 3, táblaí A (agus B má tá iarratas á dhéanamh le haghaidh 24 mí) ar d'fhoirm iarratais. |
| **B. An Fhoirm Ealaíne** | Roghnaigh an fhoirm ealaíne **phríomhúil** nó an phríomhfhoirm ealaíne don ghníomhaíocht ón roghchlár anuas (nó roghnaigh 'níos mó ná foirm ealaíne amháin' má bhíonn níos mó ná foirm ealaíne amháin i gceist). |
| **C. Cineál gníomhaíochta** | Roghnaigh an cineál gníomhaíochta ón roghchlár anuas a thugann **an léiriú is fearr** ar an ngníomhaíocht atá á déanamh agat. Is iad sin:<br>• **Imeacht nó taibhiú a dteastaíonn ticéid ina leith:** taibhiú a ndíoltar nó a ndáiltear ticéid lena aghaidh (lena n-áirítear imeacht saor in aisce má tá próiseas áirithinte ann)<br>• **Imeacht nó taibhiú nach dteastaíonn ticéid ina leith:** Imeacht ar bith (e.g. taibhiú sráide, paráid, seó taobh amuigh) nach gá do dhaoine ticéad a cheannach chun freastal air<br>• **Leabhar/foilseachán:** leabhar, amhail úrscéal nó cnuasach filíochta, nó foilseachán, amhail tréimhseachán nó irisleabhar, bíodh sé i bhfoirm fhisiciúil nó ar líne |

- **Táirgeadh agus/nó dáileadh déantáin:** e.g. cruthú sraith priontaí, nó saothair ealaíne eile a d'fhéadfaí a dhíol nó a dháileadh ar shlí eile
- **Saothar a chraoladh/a scaipeadh ar líne nó go digiteach:**saothar a chraoladh nó a scaipeadh ar líne nó go digiteach – e.g. taibhiú ceoil, saothar ealaíne ar líne, iris nó irisleabhar a fhoilsiú ar líne
- **Taispeántas:** taispeántas amharc-ealaíon, lena n-áirítear suiteálacha dealbhóireachta, scannán ealaíne, suiteálacha fuaime, etc.
- **Gníomhaíocht rannpháirtíochta, oideachais nó for-rochtana:** seo gníomhaíocht ar bith ina mbíonn daoine bainteach le táirgeadh ealaíne trí rud éigin a dhéanamh nó a chruthú; ina gcuireann daoine smaointe le saothar ealaíne beag beann ar a leibhéal scile; nó ina mbíonn daoine *rannpháirteach* i gceardlanna nó i ngníomhaíochtaí eile dá samhail
- **Gníomhaíocht forbartha saothair nua:** Gníomhaíocht a bhfuil sé mar chuspóir léi saothar nua a fhorbairt – e.g. an próiseas amharclannaíochta le haghaidh dráma nua, an próiseas eagarthóireachta le haghaidh leabhar nua, etc.
- **Taighde/cartlannú/digitiú:** Gníomhaíocht ar bith arb é a príomhchuspóir taighde a dhéanamh nó ábhair a bhaineann le cleachtais ealaíon a chartlannú nó a dhigitiú
- **Gníomhaíocht forbartha foirm ealaíne/atá dírithe ar an ealaíontóir:** Gníomhaíocht ar bith ina ndírítear go príomha ar thacú le healaíontóirí/daoine cruthaitheacha agus cabhrú leo a gcleachtas nó a saothar a fhorbairt, nó imeachtaí coimhdeacha amhail

| | |
|---|---|
| | clinicí eolais, seimineáir nó comhdhálacha atá dírithe ar ealaíontóirí gairmiúla |
| **D. Príomhsprioc na gníomhaíochta** | Roghnaigh an phríomhsprioc ón roghchlár anuas a thugann **an léiriú is fearr** ar spriocghrúpa don ghníomhaíocht atá á déanamh agat. Is iad sin:<br>• **Lucht féachana ginearálta** – iad seo a leanas den chuid is mó, ach ní iadsan amháin: daoine atá 18 mbliana d'aois agus níos sine a bhíonn i láthair agus a bhíonn rannpháirteach as a stuaim féin, seachas mar chuid de ghrúpa spriocdhírithe nó pobal comhspéise<br>• **Teaghlaigh** – saothar atá dírithe ar thuismitheoirí/chaomhnóirí agus ar leanaí araon<br>• **Leanaí suas go dtí 15 bliana d'aois** – iadsan a bhíonn i láthair in éineacht le grúpa scoile nó grúpa eagraithe eile go hiondúil, nó a dtugann a dtuismitheoirí nó a gcaomhnóirí leo iad, ach a bhfuil an saothar dírithe orthusan amháin<br>• **Daoine óga idir 16 agus 23 bliain d'aois** – mar shampla, scoláirí Ardteistiméireachta, mic léinn choláiste, grúpaí óige<br>• **Pobail ar leith** – nuair is grúpa sonrach nó pobal sainspéise príomhsprioc na gníomhaíochta – e.g. daoine breacaosta, daoine faoi mhíchumas, daoine ó cheantair áirithe gheografacha (ceantair uirbeacha agus thuaithe agus ceantair iargúlta go háirithe), baill de phobail mhionlaigh, daoine atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch (de réir aicme shóisialta, oideachais, ioncaim)<br>• **Ealaíontóirí nó gairmithe ealaíon atá ag cleachtadh a ngairme:** e.g. eagraíocht acmhainne atá dírithe ar thacaíocht a thabhairt |

| | |
|---|---|
| | d'fhorbairt ghairmiúil nó freastal ar phobal ealaíontóirí |

| Cuid 2.2 | **Sonraí airgeadais** |
|---|---|
| **E. Costas iomlán** | An costas díreach iomlán do d'eagraíocht as an ngníomhaíocht a dhéanamh. |
| **F. Ioncam tuillte** | Aon ioncam a thuilltear ó dhíolacháin ticéad, ón díoloifig nó ó dhíolacháin leabhar nó déantán eile. |
| **G. Ioncam ó fhoinsí eile** | Aon ioncam ó fhoinsí seachas díolacháin – mar shampla, urraíocht, tiomsú airgid nó ioncam deontais ó fhoinsí seachas an Chomhairle Ealaíon. |
| **H. Toradh/fóirdheontas a theastaíonn** | Suim a ríomhfar go huathoibríoch; is ionann í agus an difríocht idir costas na gníomhaíochta agus aon ioncam ina coinne. |

| Cuid 2.3 | **Méid lucht féachana/rannpháirtíochta/fostaíochta/imeachtaí** |
|---|---|
| **I. Líon an lucht féachana/rannpháirtíochta – ag íoc**<br><br>**J. Líon an lucht féachana/rannpháirtíochta – saor in aisce** | Ar mhaithe le bailiú sonraí, tá ceithre bhrí le 'Rannpháirtíocht':<br>• **Lucht féachana**, léitheoirí, éisteoirí, breathnóirí, lucht freastail, cuairteoirí, nó daoine eile *a bhíonn ag plé* le healaín agus imeachtaí ealaíon (e.g. ceadail, díolacháin leabhar, ceolchoirmeacha, drámaí, taibhithe damhsa, taispeántais ealaíne, imeachtaí liteartha)<br>• Daoine as an bpobal ***a bhíonn páirteach*** i dtáirgeadh nó i gcruthú ealaíne, nó a bhíonn páirteach i gceardlanna, i ranganna nó in imeachtaí ealaíon (e.g. plé tar éis |

seónna, Ceisteanna agus Freagraí poiblí).

- Daoine ***a oibríonn go deonach*** ar imeacht nó ***a oibríonn go deonach*** ag imeacht – e.g. féile ealaíon, nó mar fhoireann fáilteachais in ionad ealaíon áitiúil (**tabhair faoi deara:** tá difríocht idir sin agus *rannpháirtithe* in imeachtaí ealaíon, ina mbítear páirteach go gníomhach i gcruthú, i ndéanamh, nó i gcur i láthair saothair)
- Ealaíontóirí, gairmithe ealaíon nó cleachtóirí eile ***a ghlacann páirt*** i gceardlanna, i ranganna, nó i ngníomhaíocht forbartha eile.

I ngach ceann de na cásanna thuas, tá/níl daoine ag íoc chun freastal ar an ealaín/chun plé leis an ealaín. **Níl íocaíocht á fáil acu.**

**An bhfuil cabhair bhreise de dhíth ort le d'uimhreacha rannpháirtíochta a thiomsú?** Tá treoir bhreise maidir leis an gcuid seo den fhoirm iarratais a chomhlánú ar fáil ar ár suíomh gréasáin ag http://www.artscouncil.ie/ga/na-healaiona-in-eirinn/forbairt-straiteiseach/Rannphairtiocht-an-phobail/.

| | |
|---|---|
| **K. Líon na n-ealaíontóirí atá fostaithe** | Líon na n-ealaíontóirí atá fostaithe, ar conradh nó coimisiúnaithe go díreach chun gníomhaíocht a chur i gcrích. Léirigh an uimhir mar fhigiúr aonair, is cuma cé chomh fada agus atá gach duine fostaithe. Mar sin, má tá aisteoir á fhostú agat thar ocht seachtaine deirtear go bhfuil '1' duine fostaithe agat le haghaidh gníomhaíocht ar leith. Ar an gcaoi chéanna, má tá coimeádaí á fhostú agat thar imeacht sé mhí deirtear go bhfuil '1' duine fostaithe agat le haghaidh gníomhaíocht ar leith.<br><br>**Tabhair faoi deara:** má tá saothar á chomhléiriú nó á óstáil agat agus más rud é nach bhfuil líon na n-ealaíontóirí atá fostaithe go díreach ar eolas agat, is féidir leat an chuid seo a fhágáil bán. |
| **L. Líon na ndaoine eile atá fostaithe** | Gairmithe atá fostaithe, ar conradh nó coimisiúnaithe go díreach chun gníomhaíocht a chur i gcrích agus nach mbaineann a ról leis na healaíona – e.g. pearsanra riaracháin nó teicniúil, éascaitheoirí, gairmithe margaíochta nó airgeadais. |
| **M. Líon na dtaibhithe/nithe/n-meachtaí/laethanta oscailte** | Mar eolas dúinn ar an líon deiseanna atá ar fáil do na tairbhithe atá beartaithe a bheith rannpháirteach sa ghníomhaíocht - is é seo an méid léirithe aonair ar dhráma nó ar phíosa damhsa; an méid leabhar a chuirtear i gcló; an méid nithe ealaíne a chruthaítear; nó an méid ceardlann, ranganna nó imeachtaí eile a chuirtear ar siúl. I gcás na n-amharc-ealaíon, ciallaíonn |

| | |
|---|---|
| | sé an **méid laethanta** a bhíonn taispeántas ar oscailt don phobal. |

### Nóta ar fhorchostais agus costais riaracháin

Mar a luaitear thuas i gCuid 1.9, ní mór go mbeadh aon fhorchostais agus costais riaracháin ag teacht leis na gníomhaíochtaí molta agus i gcomhréir leo. Níl sé i gceist ag an gclár Maoiniú Deontais do na hEalaíona tacú le tuarastal leanúnach nó le forchostais eile nach mbaineann leis na gníomhaíochtaí seo.

Iarrtar ort míniú a thabhairt ar chostais a bhaineann le haon ealaíontóir nó gairmithe eile a fhostaítear go buan laistigh de na buiséid ghníomhaíochta (e.g. má tá stiúrthóir ealaíne eagraíochta ag stiúradh dráma, nó má tá stiúrthóir dánlainne mar choimeádaí ar taispeántas) má tá tacaíocht á lorg agat i dtreo na gcostas sin.

### Nóta maidir le gníomhaíochtaí a liostú

Ní féidir níos mó ná **scór** gníomhaíochtaí a chur sa teimpléad AAR. Má tá níos mó ná fiche gníomhaíocht aonair agat, in áit sonraí a thabhairt faoi **gach** gníomhaíocht nó imeacht aonair, ba chóir duit do chuid gníomhaíochtaí beartaithe **a chur i ngrúpaí** de réir na foirme ealaíne nó cineáil.

Mar shampla:

- Gníomhaíochtaí taibhealaíon (e.g. amharclannaíocht, damhsa, sorcas)
- Gníomhaíochtaí amharcealaíon
- Gníomhaíochtaí ceoil
- Gníomhaíochtaí litríochta
- Gníomhaíochtaí nó imeachtaí do leanaí/daoine óga
- Gníomhaíochtaí do phobal áitiúil/gníomhaíochtaí amaitéaracha
- Gníomhaíochtaí forbartha.

# 6. An dóigh a ndéantar d'iarratas a phróiseáil

Bainimid úsáid as an ngnás a léirítear anseo chun iarratais a bhreithniú, cinneadh a dhéanamh fúthu agus iad a chur in iúl d'iarratasóirí. Cuidíonn seo linn a chinntiú go bhfuil ár gcóras maidir le cinntí a dhéanamh oscailte, cóir agus trédhearcach.

**1** I ndiaidh d'iarratas a chur isteach, ba cheart go bhfaighfeá dhá ríomhphost:

- Eiseofar an chéad cheann láithreach bonn, agus admhófar d'iarratas leis.
- Ba cheart go dtiocfadh an dara ceann cúpla nóiméad ina dhiaidh sin. Beidh d'uimhir iarratais ann, a mbainfimid úsáid aisti sa chomhfhreagras ar fad faoi d'iarratas.

**Tabhair faoi deara:** ní chiallaíonn na ríomhphoist seo ach go n-aithníonn an córas ar líne gur chuir tú iarratas isteach. **Ní** chiallaíonn siad go bhfuil d'iarratas incháilithe le dul ar aghaidh chuig an measúnú.

**Mura** bhfaigheann tú ríomhphost ina mbeidh d'uimhir iarratais, téigh i dteagmháil le onlineservices@artscouncil.ie

---

**2** Nuair a fhaightear an t-iarratas, déanfar a sheiceáil go bhfuil sé incháilithe don Mhaoiniú Deontais do na hEalaíona.

---

**3** Má chinntear nach bhfuil an t-iarratas incháilithe, mar nach dtagann sé le cuspóir na dámhachtana nó nach sásaítear na riachtanais don Mhaoiniú Deontais do na hEalaíona ina n-iomláine, scríobhfar chugat chun a chur in iúl duit go bhfuil an t-iarratas neamh-incháilithe agus nach ndéanfar an t-iarratas a mheas.

---

**4** Déanfar an t-iarratas a scóráil agus scríobhfar measúnuithe ar bhonn na gcritéar i gcuid 3 de na treoirlínte seo.

---

**5** Téann dréachtmheasúnaithe agus dréachtscóranna trí phróiseas modhnóireachta a ndéanann modhnóir neamhspleách maoirsiú air ar mhaithe le leanúnachas sa chur chuige i leith meastóireachta agus scórála a chinntiú.

**6** Réiteoimid na moltaí d'Fheidhmeannacht na Comhairle Ealaíon (i gcás iarratas ar níos lú ná €50,000) agus don Chomhairle (i gcás iarratas ar €50,000 nó níos mó).

**7** Déanfaidh an Chomhairle agus an Fheidhmeannacht moltaí na foirne a athbhreithniú agus a phlé agus déanfaidh siad cinntí deiridh ar mhaoiniú bunaithe ar an mbuiséad agus ar an gcomhthéacs ealaíne foriomlán.

**Tabhair faoi deara:** chun tosaíochtaí straitéiseacha coiteanna a bhaint amach, d'fhéadfadh sé go ndéanfadh an Chomhairle (nó an Feidhmeannacht na Comhairle Ealaíon, i gcás iarratais ar níos lú ná €50,000) cinneadh an moladh ón bhfoireann a leasú nó a chealú. Sa chomhthéacs sin, is féidir go gcinnfidh an Chomhairle nó Feidhmeannacht na Comhairle Ealaíon méid níos lú ná an méid molta a bhronnadh, nó gan aon mhaoiniú a bhronnadh ar chor ar bith. Sa chás sin, coinneofar cuntas ar athruithe ar mholtaí foirne agus cuirfear in iúl iad.

**8** Seolfaimid litir chugat faoinár gcinneadh. Má éiríonn le d'iarratas, cuirfimid eolas san áireamh ar cad ba cheart duit a dhéanamh ansin.